Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/782

31.5.2024

**TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2024/782 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Márta 2024**

**lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta agus ghairm an chógaiseora**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(6), an dara fomhír, Airteagal 31(2), an dara fomhír, Airteagal 34(2), an dara fomhír, agus Airteagal 44(2), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna le haghaidh ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta agus ghairm an chógaiseora, leagtar amach iad faoi láthair in Airteagail 31, 34 agus 44 de Threoir 2005/36/CE agus i bpointí 5.2.1, 5.3.1 agus 5.6.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) I bPáipéar Uaine 2011 ón gCoimisiún maidir le nuachóiriú Threoir 2005/36/CE ([2]) d'aithin sé gur gá na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna a nuachóiriú i gcéimeanna éagsúla.

(3) I gcomhthéacs an leasaithe ar Threoir 2005/36/CE trí bhíthin Threoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), thug na húdaráis náisiúnta, institiúidí acadúla agus eagraíochtaí gairmiúla le fios go bhfuil forbairt mhór tagtha ar na gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III, Caibidil III den Treoir ó rinneadh a n-íoscheanglais oiliúna a chomhchuibhiú.

(4) Cé go ndearnadh athbhreithniú le Treoir 2013/55/AE go pointe áirithe ar na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna le haghaidh ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta agus ghairm an chógaiseora, ní dhearnadh aon athrú substaintiúil ar na cláir oiliúna a liostaítear i bpointí 5.2.1, 5.3.1 agus 5.6.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ná ar an liosta eolais agus scileanna atá le fáil le linn na hoiliúna a leagtar síos in Airteagal 31(6), Airteagal 34(3) agus Airteagal 44(3) den Treoir sin.

(5) Ina ionad sin, le hAirteagal 21(6) de Threoir 2005/36/CE, mar a leasaíodh le Treoir 2013/55/AE, tugadh cumhachtaí tarmligthe don Choimisiún chun na híoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le hAirteagal 57c di, d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne chun teacht chun cinn dhlí an Aontais lena ndéantar difear díreach do na gairmithe lena mbaineann a léiriú.

(6) Rinne an Coimisiún measúnú maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta agus ghairm an chógaiseora, mar a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE, a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne.

([1]) IO L 255, 30.9.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/36/oj.
([2]) Páipéar Uaine, An Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Nuachóiriú, COM(2011)367 final an 22 Meitheamh 2011.
([3]) Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/55/oj).

(7) Chun cabhrú leis an gCoimisiún lena mheasúnú, rinneadh trí staidéar. Ba é aidhm na staidéar sin iniúchadh a dhéanamh ar na forbairtí i dtaobh riachtanais oiliúna le haghaidh ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta agus ghairm an chógaiseora i ngach Ballstát agus i ngach ceann de Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa. Chun na críche sin, bailíodh sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta trí thaighde deisce agus comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara. Sa bhailiú sonraí díríodh ar roinnt forbairtí i gceanglais oiliúna ar an leibhéal náisiúnta: (i) dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a dhéanann difear do ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiaclóireachta agus ghairm an chógaiseora; (ii) cláir oiliúna chomh maith le heolas agus scileanna a théann níos faide ná na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos i dTreoir 2005/36/CE agus a léiríonn aon oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(8) Rinneadh measúnú comparáideach ar na sonraí a bailíodh le linn na staidéar. Díríodh ann ar fhorbairtí i gceanglais oiliúna agus ar ghnéithe comhchoiteanna idir na ceanglais oiliúna ar fud Bhallstáit uile an Aontais agus Stáit CSTE i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne. Chun na críche sin, cruthaíodh sainmhíniú oibre ar ‘a nglactar leis i gcoitinne’ maidir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ina raibh dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a tugadh faoi deara in 16 thír ar a laghad, idir Bhallstáit agus Stáit CSTE.

(9) Cuireadh torthaí na staidéar faoi bhráid páirtithe leasmhara ábhartha le linn cheardlanna agus chruinnithe an ghrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint. Ar bhonn an aiseolais a fuarthas, dréachtaíodh conclúidí na staidéar, inar moladh na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos i dTreoir 2005/36/CE a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann le cláir oiliúna chomh maith le heolas agus scileanna.

(10) Sa staidéar ar altraí atá freagrach as cúram ginearálta ([4]) sainaithníodh an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil seo a leanas, a nglactar leis i gcoitinne, i gcláir oiliúna sna Ballstáit agus i Stáit CSTE, ar dul chun cinn é nach léirítear sna híoscheanglais oiliúna atá ann faoi láthair a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE nó nach léirítear go leordhóthanach iontu: teoiric an chúraim dhaonlárnaigh, teoiric na bainistíochta a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an altranas, cleachtas fianaise-bhunaithe, ríomhshláinte agus nuálaíochtaí teicniúla a bhaineann le cúram sláinte agus le modhanna altranais.

(11) Sa staidéar ar chleachtóirí fiaclóireachta ([5]) atá freagrach as cúram ginearálta sainaithníodh an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil seo a leanas, a nglactar leis i gcoitinne, i gcláir oiliúna sna Ballstáit agus i Stáit CSTE, ar dul chun cinn é nach léirítear sna híoscheanglais oiliúna atá ann faoi láthair a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE nó nach léirítear go leordhóthanach iontu: ionchlanneolaíocht, ódónteolaíocht gheiriatrach, cúram comhoibríoch idirghairmiúil, sláinte phoiblí fiaclóireachta – sláinte béil phobail, bainistíocht cleachtais, géineolaíocht agus géanómaíocht, imdhíoneolaíocht, leigheas/fiachlóireacht athghiniúnach agus teicneolaíocht dhigiteach san fhiaclóireacht.

(12) Sa staidéar ar chógaiseoirí ([6]) atá freagrach as cúram ginearálta sainaithníodh an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil seo a leanas, a nglactar leis i gcoitinne, i gcláir oiliúna sna Ballstáit agus i Stáit CSTE, ar dul chun cinn é nach léirítear sna híoscheanglais oiliúna atá ann faoi láthair a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE nó nach léirítear go leordhóthanach iontu: teicneolaíocht bhithchógaisíochta agus biteicneolaíocht, géineolaíocht agus cógasghéanómaíocht, imdhíoneolaíocht, cógaseolaíocht chliniciúil, cúram cógaisíochta, cógaisíocht shóisialta, eipidéimeolaíocht agus cógas-eipidéimeolaíocht, cleachtas cógaisíochta, comhoibriú idirdhisciplíneach agus ildisciplíneach, paiteolaíocht agus pataifiseolaíocht, eacnamaíocht sláinte agus cógas-eacnamaíocht, teicneolaíocht faisnéise agus teicneolaíocht dhigiteach.

([4]) An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Mapping and assessment of developments of one of the sectoral professions under Directive 2005/36/EC – Nurse responsible for general care – Final study* [Mapáil agus measúnú ar fhorbairtí ceann de na gairmeacha earnála faoi Threoir 2005/36/CE – Gairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta – Staidéar críochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020.

([5]) An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Mapping and assessment of developments for sector profession under Directive 2005/36/EC — The profession of Dental practitioner* [Mapáil agus measúnú ar fhorbairtí maidir le gairmeacha earnála faoi Threoir 2005/36/CE – Gairm an chleachtóra fiaclóireachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

([6]) An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Mapping and assessment of developments for sector profession under Directive 2005/36/EC — The profession of pharmacist* [Mapáil agus measúnú ar fhorbairtí maidir le gairmeacha earnála faoi Threoir 2005/36/CE – Gairm an chógaiseora], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

(13) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin ([7]), ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2005/36/CE**

Leasaítear Treoir 2005/36/CE mar a leanas:

(1) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Tabharfar deimhniú leis an oiliúint d’altraí atá freagrach as cúram ginearálta go bhfuair an gairmí atá i gceist an t-eolas agus na scileanna seo a leanas:

(a) eolas cuimsitheach ar na heolaíochtaí ar a bhfuil altranas ginearálta bunaithe, lena n-áirítear tuiscint leordhóthanach ar struchtúr, feidhmeanna fiseolaíocha agus iompraíocht daoine folláine agus daoine breoite, agus ar an gcaidreamh idir staid na sláinte agus timpeallacht fhisiceach agus shóisialta an duine;

(b) eolas ar chineál agus ar eitic na gairme agus ar na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sláinte agus altranas;

(c) taithí chliniciúil leordhóthanach; ba cheart an taithí sin, ar cheart í a roghnú de bharr a luacha oiliúna, a ghnóthú faoi mhaoirseacht foireann altranais cháilithe agus in áiteanna ina bhfuil an líon foirne cáilithe agus an trealamh oiriúnach le haghaidh chúram altranais an othair;

(d) an cumas páirt a ghlacadh in oiliúint phraiticiúil pearsanra sláinte agus taithí ar obair a dhéanamh leis an bpearsanra sin agus le baill de ghairmeacha eile in earnáil na sláinte;

(e) an cumas cúram altranais indibhidiúil a sholáthar agus cumhacht a thabhairt d’othair, do ghaolta agus do dhaoine ábhartha eile i ndáil le féinchúram agus stíl mhaireachtála shláintiúil;

(f) an cumas cur chuige ceannaireachta éifeachtach agus scileanna cinnteoireachta a fhorbairt;

(g) eolas ar na nuálaíochtaí teicniúla a bhaineann le modhanna cúraim sláinte agus altranais.’;

(2) In Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfar dearbhú le bunoiliúint fiaclóireachta go bhfuair an duine atá i gceist an t-eolas agus na scileanna seo a leanas:

(a) eolas leordhóthanach ar na heolaíochtaí ar a bhfuil an fhiaclóireacht bunaithe agus tuiscint mhaith ar mhodhanna eolaíochta lena n-áirítear na prionsabail maidir le feidhmeanna bitheolaíocha a thomhas, an mheastóireacht ar fhíorais atá bunaithe go heolaíoch agus an anailís ar shonraí;

(b) tuiscint leordhóthanach ar chomhdhéanamh, fiseolaíocht agus ar iompraíocht daoine folláine agus daoine breoite mar aon leis an tionchar a bhíonn ag an timpeallacht nádúrtha agus shóisialta ar staid sláinte an duine, a mhéid a bhíonn tionchar ag na tosca sin ar an bhfiaclóireacht;

([7]) IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

(c) eolas leordhóthanach ar struchtúr agus ar fheidhm na bhfiacla, an bhéil, an ghéill agus na bhfíochán gaolmhar, idir fhiacla folláine agus fhiacla a bhfuil galar orthu, agus a gceangal le staid ghinearálta na sláinte agus le folláine fhisiceach agus shóisialta an othair;

(d) eolas leordhóthanach ar dhisciplíní agus ar mhodhanna cliniciúla, ag cur pictiúr comhtháite ar fáil don fhiaclóir maidir le haimhrialtachtaí, loit agus galair ar na fiacla, ar an mbéal, ar an ngiall agus ar na fíocháin ghaolmhara agus ar fhiaclóireacht choisctheach, dhiagnóiseach agus theiripeach;

(e) taithí oiriúnach chliniciúil faoi mhaoirseacht iomchuí;

(f) eolas leordhóthanach ar an bhfiaclóireacht dhigiteach agus tuiscint mhaith ar a húsáid agus ar a cur i bhfeidhm sábháilte sa chleachtas.

Tabharfaidh an oiliúint sin na scileanna dó a bheidh riachtanach chun na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le haimhrialtachtaí agus galair sna fiacla, sa ghiall agus sna fíocháin ghaolmhara a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil.';

(3) In Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tabharfar deimhniú leis an oiliúint do chógaiseoirí go bhfuair an duine lena mbaineann an t-eolas agus na scileanna seo a leanas:

(a) eolas leordhóthanach ar chógais agus ar na substaintí a úsáidtear i monarú cógas;

(b) eolas leordhóthanach ar theicneolaíocht chógaisíochta agus tástáil fhisiceach, cheimiceach, bhitheolaíoch agus mhicribhitheolaíoch ar tháirgí íocshláinte;

(c) eolas leordhóthanach ar mheitibileacht táirgí íocshláinte agus an tionchar a bhíonn acu agus ar ghníomh substaintí tocsaineacha, agus ar úsáid táirgí íocshláinte;

(d) eolas leordhóthanach chun meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí eolaíochta a bhaineann le cógais chun bheith in ann faisnéis iomchuí a sholáthar ar bhonn an eolais sin;

(e) eolas leordhóthanach ar na ceanglais dhlíthiúla agus ar na ceanglais eile a bhaineann le saothrú na cógaisíochta.

(f) eolas leordhóthanach ar chógaisíocht chliniciúil agus ar chúram cógaisíochta, chomh maith leis na scileanna a bhaineann lena gcur i bhfeidhm praiticiúil;

(g) eolas agus scileanna leordhóthanacha maidir leis an tsláinte phoiblí agus a hiarmhairtí ar chur chun cinn na sláinte agus ar bhainistiú galar;

(h) eolas agus scileanna leordhóthanacha maidir le comhar idirdhisciplíneach agus ildisciplíneach, cleachtas idirghairmiúil agus cumarsáid;

(i) eolas leordhóthanach ar theicneolaíocht faisnéise agus ar theicneolaíocht dhigiteach agus scileanna maidir lena cur i bhfeidhm praiticiúil.';

(4) leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

**Trasuí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 4 Márta 2026 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach leis an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.2.1:

‘5.2.1 Clár oiliúna d’altraí atá freagrach as cúram ginearálta

Beidh an dá chuid seo a leanas i gceist leis an oiliúint seo as a mbronnfar cáilíocht fhoirmiúil ar altraí atá freagrach as cúram ginearálta.

A. Treoir theoiriciúil

a: Altranas:

— Cineál, eitic agus prionsabail ghinearálta na sláinte agus na haltrachta, lena n-áirítear teoiricí cúraim dhuinelárnaigh

— Prionsabail altranais maidir le:

  — míochaine ghinearálta agus speisialaithe

  — máinliacht ghinearálta agus speisialaithe

  — cúram leanaí agus péidiatraic

  — cúram máithreachais

  — meabhairshláinte agus síciatracht

  — cúram do sheanóirí agus geiriaitric

— Cleachtas agus taighde altranais atá fianaisebhunaithe

b: Seirbhísí sláinte ginearálta:

— Anatamaíocht agus fiseolaíocht

— Paiteolaíocht

— Baictéareolaíocht, víreolaíocht agus seadeolaíocht

— Bithfhisic, bithcheimic agus raideolaíocht

— Diaitéitic

— Sláinteachas:

  — míochaine choisctheach

  — oideachas sláinte

— Cógaseolaíocht

c: Na heolaíochtaí sóisialta:

— Socheolaíocht

— Síceolaíocht

— Prionsabail an riaracháin agus na bainistíochta

— Prionsabail an teagaisc

— Reachtaíocht shóisialta agus sláinte

— Gnéithe dlíthiúla den altranas

d: Eolaíocht agus teicneolaíocht:

— r-shláinte

B. Teagasc cliniciúil

— Altranas maidir le:

  — míochaine ghinearálta agus speisialaithe

  — máinliacht ghinearálta agus speisialaithe

  — cúram leanaí agus péidiatraic

  — cúram máithreachais

  — meabhairshláinte agus síciatracht

  — cúram do sheanóirí agus geiriaitric

  — cúram altranais i suíomhanna pobail

  — cur chuige duinelárnach

— Eolaíocht agus teicneolaíocht:

  — r-shláinte

Féadfar ceann amháin nó níos mó de na hábhair sin a mhúineadh i gcomhthéacs na ndisciplíní eile nó i gcomhcheangal leo.

Ní mór an teagasc teoiriciúil a ualú agus a chomhordú leis an teagasc cliniciúil ar bhealach a fhágfaidh go bhféadfar an t-eolas agus na scileanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo a fhoghlaim ar bhealach leordhóthanach.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.3.1:

'5.3.1 ***Clár staidéir le haghaidh cleachtóirí fiaclóireachta***

Áireofar na hábhair seo a leanas ar a laghad leis an gclár staidéir as a dtiocfaidh fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla san fhiaclóireacht. Féadfar ceann amháin nó níos mó de na hábhair sin a mhúineadh i gcomhthéacs na ndisciplíní eile nó i gcomhcheangal leo.

A. Na Bunábhair

— Ceimic

— Fisic

— Bitheolaíocht, géineolaíocht agus leigheas athghiniúnach

B. Ábhair bhitheolaíocha-liachta agus ábhair ghinearálta liachta

— Anatamaíocht

— Sutheolaíocht

— Histeolaíocht, lena n-áirítear cíteolaíocht

— Fiseolaíocht

— Bithcheimic (nó ceimic fhiseolaíoch)

— Anatamaíocht phaiteolaíoch

— Paiteolaíocht ghinearálta

— Cógaseolaíocht

— Micribhitheolaíocht

— Sláinteachas

— Míochaine choisctheach agus sláinte phoiblí fiaclóireachta

— Raideolaíocht

— Fisiteiripe

— Máinliacht ghinearálta

— Míochaine ghinearálta, lena n-áirítear péidiatraic

— Otairinealaraingeolaíocht

— Deirmivéinéireolaíocht

— Síceolaíocht ghinearálta – síceapaiteolaíocht – néaraphaiteolaíocht

— Ainéistéitic

— Imdhíoneolaíocht

C. Ábhair a bhaineann go díreach leis an bhfiaclóireacht

— Próstódóntaic

— Ábhar agus trealamh fiaclóireachta

— Fiaclóireacht choimeádach

— Fiaclóireacht choisctheach

— Ainéistéitic agus támhú

— Máinliacht speisialta

— Paiteolaíocht speisialta

— Cleachtas cliniciúil

— Péideadadóntaic

— Ortódóntaic

— Pearódóntaic

— Raideolaíocht fiaclóireachta

— Greim fiacla agus feidhm an ghéill

— Bainistiú cleachtais, gairmiúlacht, eitic agus reachtaíocht

— Gnéithe sóisialta de chleachtas na fiaclóireachta

— Ódónteolaíocht gheiriatrach

— Ionphlandeolaíocht bhéil

— Cúram comhoibríoch idirghairmiúil

— Teicneolaíocht dhigiteach san fhiaclóireacht';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.6.1:

‘5.6.1 ***Cúrsa oiliúna do chógaiseoirí***

— Bitheolaíocht plandaí agus ainmhithe

— Fisic

— Ceimic ghinearálta agus neamhorgánach

— Ceimic orgánach

— Ceimic anailíseach

— Ceimic chógaisíochta, lena n-áirítear anailís ar tháirgí íocshláinte

— Bithcheimic ghinearálta agus fheidhmeach (míochaine)

— Anatamaíocht, fiseolaíocht, paiteolaíocht agus pait-fhiseolaíocht; téarmeolaíocht leighis

— Micribhitheolaíocht

— Cógaseolaíocht agus teiripe chógaisíochta

— Teicneolaíocht chógaisíochta

— Teicneolaíocht bhithchógaisíochta

— Tocsaineolaíocht

— Cógasghnóis

— Reachtaíocht agus, i gcás inarb iomchuí, eitic ghairmiúil

— Géineolaíocht agus cógasghéanómaíocht

— Imdhíoneolaíocht

— Cógaisíocht chliniciúil

— Cúram cógaisíochta

— Cógaisíocht shóisialta

— Sláinte phoiblí, lena n-áirítear eipidéimeolaíocht

— Cleachtas cógaisíochta

— Cógaseacnamaíocht

Leis an gcothromaíocht atá ann idir an oiliúint theoiriciúil agus an oiliúint phraiticiúil i leith gach ábhair, tabharfar tábhacht leordhóthanach don teoiric chun saintréithe ollscoile na hoiliúna a choimeád.’.